V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10598 – LGC/TORAY INDUSTRIES HUNGARY)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 183/08)

1. An 27 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— LG Chem, Ltd. ("LGC", an Chóiré Theas),

— Toray Industries Inc. ("Toray", an tSeapáin),

— Toray Industries Hungary Korlátolt Felelősségű Társaság (an Ungáir), faoi rialú Toray.

Gheobhaidh LGC agus Toray rialú comhpháirteach ar Toray Industries Hungary Korlátolt Felelősségű Társaság ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cheimiceach é LGC atá gníomhach sa ghnó peitriceimiceach, sa ghnó ardábhar, sa ghnó eolaíochta bithí agus sa ghnó ceallra,

— Is cuideachta cheimiceach é Toray atá gníomhach i monarú, i bpróiseáil agus i ndíol ábhar éagsúla do ghluaisteáin, d'aerárthaí, do tháirgí a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise agus do tháirgí a bhaineann le heolaíochtaí beatha

3. Déanfaidh Toray Industries Hungary Korlátolt Felelősségű Társaság deighilteoirí le haghaidh ceallraí ian litiam a mhonarú agus a dhíol.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10598 – LGC/TORAY INDUSTRIES HUNGARY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË